# OIFIGEACH FOIRNE – GRÁD V - AIRGEADAS

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar do chách curtha le chéile faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir soláthar agus éileamh maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d’údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt maidir le tionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d’údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos

- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag glacadh le hiarratais faoi láthair ar phost buan mar **Oifigeach Foirne – Grád V - Airgeadas** Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Mar bhall foirne, beifear ag súil go gcuirfidh sealbhóir an phoist go gníomhach le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta agus go nglacfaidh sé páirt inti agus go gcuirfidh sé a cuid beartas chun cinn i gcónaí agus go gcloífidh sé le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report.

## Príomhdhualgais

### Tuairisciú Bainistíochta:

- Cúnamh a thabhairt maidir leis an bpacáiste míosúil bainistíochta a chur i dtoll a chéile.
- Cúnamh a thabhairt maidir leis an mbuiséad bliantúil a ullmhú agus le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas in aghaidh an bhuiséid sin i gcaitheamh na bliana.
- Tuarascálacha anailíse athraithis a ullmhú do shealbhóirí buiséid agus don Fhoireann Ardbhainistíochta.
- Fiosruithe ó shealbhóirí buiséid agus ó pháirtithe leasmhara inmheánacha a réiteach.

### Cuntais Reachtúla:

…..

- Cúnamh a thabhairt maidir le ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.
- Gach tuairisceán reachtúil do na Coimisinéirí Ioncaim a chomhdú trí ROS.
- Sceidil a ullmhú chun tacú le tuarastail agus réiteach leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

### Deireadh na Míosa:

- Leabhair chúnta a ullmhú agus a phostáil chuig an gcóras mórleabhar ginearálta.
- Fabhruithe míosúla, réamhíocaíochtaí agus réitigh an chláir chomhardaithe a ríomh
- CBL, PSWT agus CCI a ríomh, asbhaintí a dhéanamh, agus cuntais rialúcháin a réiteach
- Imréitigh mhíosúla bhainc

### Cuntais Iníoctha agus Infhála:

- Orduithe ceannaigh a ullmhú agus a bhainistiú.
- Íocaíochtaí do sholáthraithe a ullmhú.
- Sonraisc i leith díolachán a ullmhú.
- Ráitis chreidiúnaithe agus féichiúnaithe a réiteach
- Socruithe a dhéanamh do sholáthraithe nua agus an Próiseas Deimhniúcháin Imréitigh Cánach a chothabháil.

### Eile:

- Tá an ról seo ag grád maoirseachta agus d'fhéadfadh maoirseacht foirne a bheith i gceist leis.
- Dualgais ad hoc eile de réir mar is gá lena n- áirítear soláthar na gcáipéisí a theastaíonn le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.

### Riachtanais Phearsanta / Oideachais

Beidh taithí trí bliana ar a laghad roimhe sin i ról mar Chúntóir Cuntas ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Go hidéalach, beidh cáilíocht san airgeadas ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi nó beidh sé/sí ina c(h)untasóir páirtcháilithe nó ina t(h)eicneoir cuntasaíochta. Cuirfear taithí oibre san áireamh. Bheadh buntáiste ag iarrthóirí a bhfuil taithí roimhe seo acu ar bhogearraí cuntasaíochta.

…..

## Inniúlachtaí

- **Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta** - duine a chuireann cumarsáid in oiriúint chun freastal ar lucht spéise go héifeachtach. Duine atá treallúsach agus proifisiúnta agus e/í ag déileáil le fadhbanna dúshlánacha.
- **Torthaí a Bhaint Amach** – Déanann sé/sí tionscadail iomadúla agus gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a chur chun cinn go rathúil.
- **Anailís agus Cinnteoireacht -** Déanann sé/sí anailís ar shonraí casta agus cuireann sé/sí moltaí soiléire ar fáil, agus cuireann sé/sí saincheisteanna níos leithne ar bith agus impleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici
- **Bainistiú Daoine -** Meallann sé/sí a ndícheall as daoine agus as na baill foirne, agus feidhmíocht mhaith á spreagadh agus ag dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
- **Saineolas** - Taispeánann sé/sí méid mór saineolais speisialta agus eolais, cuireann sé/sí le luach na foirne trína chuid/cuid saineolais a úsáid agus gníomhaíonn sé/sí mar shaineolaí ar ábhair nuair is gá.

## Scála Tuarastail – Oifigeach Foirne - Grád 5 Scála ÚÁ

€50,206 - €51,705 - €53,236 - €54,799 - €56,374

BFS 1 - €58,209

BFS 2 - €60,051

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## An dáta deiridh a nGlactar le hIarratais – Dé Céadaoin, an 15ú Eanáir 2025 ag 12.00 meán lae.

Beidh agallaimh don phost seo ar siúl ar an 24ú Eanáir 2025 inár n-oifigí ag 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh na dátaí seo a bheith faoi réir athrú.

## Nós Imeachta an Iarratais

- Cuir isteach litir chumhdaigh agus CV cuimsitheach le do thoil (nach faide ná 3 leathanach).
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh.

…..

- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

…..